**Ciorclán 0060/2020**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta**
**agus**
**Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

## Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013 – 2020 agus an tAcht um Pá agus Pinsin na Seirbhíse Poiblí 2017

## ATHBHREITHNIÚ AR THUARASTAIL MHÚINTEOIRÍ LE hÉIFEACHT ÓN 1 Deireadh Fómhair 2020

1. Is mian leis an Aire Oideachais agus Scileanna rátaí tuarastail athbhreithnithe do Mhúinteoirí a chur in iúl d'Údaráis Bhainistíochta agus do Mhúinteoirí le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2020.

2. Tugadh isteach na rátaí tuarastail athbhreithnithe mar thoradh ar Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2013 – 2020 agus mar thoradh ar an Acht um Pá Seirbhíse Poiblí agus Pinsean 2017.

### Athchóiriú Tuarastail le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2020

3. Faoi théarmaí Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018 – 2020, méadaítear tuarastail bhunscála bhliantúla lánaimseartha faoi 2% le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2020.

4. Tá scálaí pá méadaithe le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2020 leagtha amach in Aguisín 1 (a) agus (b). Ta rátaí páirtaimseartha ócáideacha laethúla/in aghaidh na huaire méadaithe le héifeacht ón 1ú Deireadh Fómhair 2020 leagtha amach in Aguisín 2.

5. Tá téarmaí an Chiorcláin seo in ionad na scálaí uile tuarastail agus na rátaí tuarastail laethúla/in aghaidh na huaire agus ócáideacha agus neamh-ócáideacha atá iníoctha le múinteoirí atá leagtha amach sna Ciorcláin roimhe seo le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2020.

### Liúntais

6. Déanfar liúntais a ríomhtar mar chéatadán sonrach nó mar chuid shonraithe den bhunphá a ríomh faoi threoir na rátaí pá athbhreithnithe le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2020.

7. Déanfar liúntais sheasta nach ndéantar a ríomh mar chéatadán sonrach nó mar chuid shonraithe den bhunphá a athchóiriú go dtí a luach airgid amhail ar an 31 Nollaig 2009.

Tabhair faoi deara go mbaineann an beart seo le liúntais sheasta amháin a bhí mar íocaíocht ar an 1 Eanáir 2010 a gearradh faoi 5% no 8% faoi na Bearta Éigeandála Airgeadais san Acht ar mhaithe le Leas an Phobail (Uimh. 2) 2009 agus a leanadh ar aghaidh á n-íoc mar liúntais sheasta lasmuigh den bhunphá. Ní dhéanfar aon liúntais nua a tugadh isteach tar éis an 1 Eanáir 2010 a mhéadú faoin gciorclán seo.

8. Tá liúntais cháilíochta do mhúinteoirí a chuaigh isteach sa teagasc idir an 1 Eanáir 2011 agus an 31 Eanáir 2012 leagtha amach in Aguisín 1 (c) le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2020.

9. Tá liúntais cháilíochta do mhúinteoirí a chuaigh isteach sa teagasc roimh an 1 Eanáir 2011 leagtha amach in Aguisín 1 (d) le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2020.

10. Sa chiorclán seo déantar foráil freisin do liúntais sheasta a athchóiriú atá leagtha amach in Aguisín 3 le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2020. Léigh é seo i gcomhar le Ciorclán 0008/2013 - Athbhreithniú um Sheirbhís Leathan ar na Liúntais agus ar na Préim-Íocaíochtaí Poiblí, maidir leis na teidlíochtaí liúntais reatha.

    Ba chóir a thabhairt faoi deara gur cuireadh deireadh le liúntais áirithe do thairbhithe nua le héifeacht ón 1 Feabhra 2012 agus cé go bhfuil siad le feiceáil sna scálaí pá ceangailte ní bhronntar teidlíocht ar an liúntas sa chás nach raibh an ball foirne i dteideal an liúntais cheana féin.

**Rialuithe Feabhsaithe maidir le Téarmaí agus Coinníollacha Fostaíochta le héifeacht ón 30 Samhain 2015 - Aisghabháil Ró-íocaíochtaí**

11. Cuirtear i gcuimhne do na fostóirí gur leasaíodh Acht na nAirí agus na Rúnaithe (Leasú) 2011 faoin Acht FEMPI 2015 chun rialuithe feabhsaithe a thabhairt isteach maidir le téarmaí agus coinníollacha fostaíochta a aontaíodh idir seirbhísigh phoiblí agus a bhfostóirí comhlachta seirbhíse poiblí le héifeacht ón 30ú Samhain 2015. Tá na hailt ábhartha den Acht san áireamh in Aguisín 4. Pléifear le ró-íocaíochtaí i gcomhréir le Ciorcláin ábhartha na Roinne.

**Scaipeadh agus Fiosrúcháin**

12. Déan cinnte de le do thoil go gcuirtear cóipeanna den Chiorclán seo ar fáil do bhaill uile an Bhoird Bhainistíochta/an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus go gcuirtear an t-ábhar ann ar aird gach múinteora i d'fhostaíocht, lena n-áirítear iad siúd atá ar chead neamhláithreachta faoi láthair.

13. Is féidir teacht ar an gCiorclán seo ar shuíomh gréasáin na Roinne ar **www.education.ie**

14. Ba chóir fiosrúcháin maidir leis an gCiorclán seo a sheoladh ar ríomhphost chuig:

    - Bunscoileanna: primtch_payroll@education.gov.ie
    - Iar-bhunscoileanna: pppayroll@education.gov.ie
    - Múinteoirí Iar-bhunscoile: an Roinn ábhartha Acmhainní Daonna

Tara Carton
Caidrimh Foirne Sheachtracha
16 Meán Fómhair 2020

Pádraig Maloney
An Rannóg Párolla

**AGUISÍN 1**

(a) An scála tuarastail incriminteach athbhreithnithe do mhúinteoirí **a thosaigh ar an teagasc roimh an 1ú Eanáir 2011,** le bheith i bhfeidhm le héifeacht ón 1ú Deireadh Fómhair 2020. Leantar de bheith ag íoc liúntais cháilíochta leis an gcohórt seo múinteoirí de réir mar is cuí.

| **Scála athbhreithnithe ón 1 Deireadh Fómhair 2020 do mhúinteoirí a tháinig isteach sa teagasc roimh an 1 Eanáir 2011** | |
|---|---|
| **Pointe** | **€** |
| **1** | €35,790 |
| **2** | €36,593 |
| **3** | €37,725 |
| **4** | €38,860 |
| **5** | €40,620 |
| **6** | €41,761 |
| **7** | €42,900 |
| **8** | €45,770 |
| **9** | €47,204 |
| **10** | €48,917 |
| **11** | €50,621 |
| **12** | €52,338 |
| **13** | €53,774 |
| **14** | €55,675 |
| **15** | €55,675 |
| **16** | €55,675 |
| **17** | €58,297 |
| **18** | €58,297 |
| **19** | €58,297 |
| **20** | €58,297 |
| **21** | €61,761 |
| **22** | €61,761 |
| **23** | €61,761 |
| **24** | €61,761 |
| **25** | €65,588 |

(b) An scála tuarastail incriminteach athbhreithnithe do mhúinteoirí **a tháinig isteach sa teagasc ar an 1 Eanáir 2011 nó ina dhiaidh**, le bheith i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2020.

| **Scála athbhreithnithe ón 1 Deireadh Fómhair 2020 dóibh siúd a ceapadh ar an 1 Eanáir 2011 nó ina dhiaidh** | |
|---|---|
| **Pointe** | **€** |
| **1** | €37,692 |
| **2** | €39,235 |
| **3** | €40,996 |
| **4*** | €41,800 |
| **5** | €42,932 |
| **6** | €44,299 |
| **7** | €45,834 |
| **8*** | €47,380 |
| **9** | €48,671 |
| **10** | €50,977 |
| **11** | €52,410 |
| **12** | €54,123 |
| **13** | €55,828 |
| **14** | €57,546 |
| **15** | €58,981 |
| **16** | €60,882 |
| **17** | €60,882 |
| **18** | €60,882 |
| **19** | €63,504 |
| **20** | €63,504 |
| **21** | €63,504 |
| **22** | €63,504 |
| **23** | €66,968 |
| **24** | €66,968 |
| **25** | €66,968 |
| **26** | €66,968 |
| **27** | €70,795 |

* Ba chóir an scála seo a léamh i gcomhar le Ciorclán 0033/2020 - Athbhreithniú ar Thuarastail Múinteoirí ar Iontrálaithe nua iad 2011 le héifeacht ón 1 Márta 2020 - Cur i bhfeidhm Incrimintí Nua

Nótaí:

1. Féadfaidh liúntais cháilíochta bhreise bheith iníoctha leo siúd a tháinig isteach sa teagasc idir an 1 Eanáir 2011 agus an 31 Eanáir 2012 mar atá leagtha amach in ailt 8-9 agus in Aguisín 1 (c) den Chiorclán seo. Mar a bhíodh go dtí seo, níl liúntais cháilíochta iníoctha leis na tairbhithe nua uile ón 1 Feabhra 2012.
2. Faigheann duine neamhcháilithe atá fostaithe i bpost teagaisc ag an leibhéal iar-bhunscoile ar chonradh bliantúil an chéad phointe den scála.
3. Déantar an luach de chéim onóracha a chuimsiú i ngach pointe den scála seo.

**(c)** Liúntais Cháilíochta le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2020 do mhúinteoirí **a tháinig isteach sa teagasc idir an 1 Eanáir 2011 agus an 31 Eanáir 2012**

| **CÁILÍOCHTAÍ ACADÚLA** | **Ráta ón 1 Deireadh Fómhair 2020 don 1 Eanáir 2011 – 31 Eanáir 2012 Iontrálaithe Amháin** |
|---|---|
| | |
| (a) (i) Ard-Dioplóma san Oideachas (Pas) | €622 |
| (ii) Ardteastas Froebel | €622 |
| | |
| (b) (i) Ard-Dioplóma san Oideachas (1ú ghrád nó 2ú grád Onóracha) | €1,301 |
| (ii) Ardteastas Gaeilge | €1,301 |
| | |
| (c) Céim Mháistir (1ú ghrád nó 2ú grád Onóracha) | €608 |
| | |
| (d) Céim Dhochtúra | €1,286 |

Ní féidir ach ceann amháin de na liúntais ag (a) nó (b) a shealbhú le chéile le ceann amháin de na liúntais (c) nó (d). Mar a bhíodh go dtí seo, níl liúntais cháilíochta iníoctha leis na tairbhithe nua uile ón 1 Feabhra 2012.

**(d)** Liúntais Cháilíochta do mhúinteoirí **a tháinig isteach sa teagasc roimh an 1 Eanáir 2011**

| **CÁILÍOCHTAÍ ACADÚLA** | **Ráta d'Iontrálaithe roimh 2011 amháin** |
|---|---|
| | |
| (a) (i) Ard-Dioplóma san Oideachas (Pas) | €622 |
| (ii) Ardteastas Froebel. | €622 |
| | |
| (b) (i) Ard-Dioplóma san Oideachas (1ú ghrád nó 2ú grád Onóracha) | €1,301 |
| (ii) Ardteastas Gaeilge | €1,301 |
| | |
| (c) Bunchéim (Pas) | €1,939 |
| | |
| (d) Céim Mháistir trí thráchtas nó scrúduithe (Pas) | €5,177 |
| | |
| (e) Bunchéim (1ú ghrád nó 2ú grád Onóracha) | €5,177 |
| | |
| (f) Céim Mháistir (1ú ghrád nó 2ú grád Onóracha) | €5,785 |
| | |
| (g) Céim Dhochtúra | €6,463 |

Ní féidir ach ceann amháin de na liúntais ag (a) nó (b) a shealbhú le chéile le ceann amháin de na liúntais (c) nó (d). Níl liúntais cháilíochta iníoctha leis na tairbhithe nua uile ón 1 Feabhra 2012.

**AGUISÍN 2**

(a) **BUNSCOIL:** Rátaí athbhreithnithe laethúla/in aghaidh na huaire le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2020 **do mhúinteoirí bunscoile páirtaimseartha agus múinteoirí ionaid a tháinig isteach sa teagasc roimh an 1 Eanáir 2011**

| Aicme | Ráta Leanúnach ón 1/10/20 | Luach na Saoire Bliantúla Reachtúla a charntar in aghaidh an lae/na huaire a oibrítear ón 1/10/20 |
|---|---|---|
| Cáiliithe, ar bhonn laethúil, ócáideach | €195.35 | €24.14 |
| Neamhcháiliithe, ar bhonn laethúil | €133.81 | €16.54 |
| Cáilithe, in aghaidh na huaire | €39.07 | €4.83 |
| Neamhcháilithe, in aghaidh na huaire ar Phárolla | €31.27 | €3.87 |
| Neamhcháilithe, Ionadaí in aghaidh na huaire | €26.76 | €3.31 |

(b) **BUNSCOIL:** Rátaí athbhreithnithe laethúla/in aghaidh na huaire le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2020 **do mhúinteoirí bunscoile páirtaimseartha agus ionadacha a tháinig isteach sa theagasc ar nó roimh an 1 Eanáir 2011 nó ina dhiaidh sin**

| Aicme | Ráta Leanúnach ón 1/10/20 | Luach na Saoire Bliantúla Reachtúla a charntar in aghaidh an lae/na huaire a oibrítear ón 1/10/20 |
|---|---|---|
| Cáiliithe, ar bhonn laethúil, ócáideach | €173.96 | €21.50 |
| Neamhcháiliithe, ar bhonn laethúil | €133.81 | €16.54 |
| Cáilithe, in aghaidh na huaire | €34.79 | €4.30 |
| Neamhcháilithe, in aghaidh na huaire ar Phárolla | €31.27 | €3.87 |
| Neamhcháilithe, Ionadaí in aghaidh na huaire | €26.76 | €3.31 |

**(c) BUNSCOIL: Ráta Bliantúil Neamhcháilithe athbhreithnithe** le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2020 do mhúinteoirí bunscoile.

| Aicme | Iontrálaí Roimh 2011 | Iontrálaí 2011 |
|---|---|---|
| Ráta Bliantúil Neamhcháilithe Bunscoile | €32,153 | €32,153 |

**(d) IAR-BHUNSCOIL: Rátaí páirtaimseartha ócáideacha athbhreithnithe** le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2020 do mhúinteoirí iar-bhunscoile a tháinig isteach sa teagasc roimh an 1 Eanáir 2011

| Aicme | Ráta Leanúnach ón 1/10/20 | Luach na Saoire Bliantúla Reachtúla a charntar in aghaidh na huaire a oibrítear ón 1/10/20 |
|---|---|---|
| Cáilithe, in aghaidh na huaire ar bhonn ócáideach | €46.18 | €6.30 |
| Neamhcháilithe, in aghaidh na huaire | €40.79 | €5.56 |

**(e) IAR-BHUNSCOIL: Rátaí páirtaimseartha ócáideacha athbhreithnithe** le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2020 do mhúinteoirí iar-bhunscoile a tháinig isteach sa teagasc ar an 1 Eanáir 2011 nó ina dhiaidh

| Aicme | Ráta Leanúnach ón 1/10/20 | Luach na Saoire Bliantúla Reachtúla a charntar in aghaidh na huaire a oibrítear ón 1/10/20 |
|---|---|---|
| Cáilithe, in aghaidh na huaire ar bhonn ócáideach | €41.37 | €5.64 |
| Neamhcháilithe, in aghaidh na huaire | €36.71 | €5.01 |

## AGUISÍN 3: Athchóiriú Liúntais

Nóta: Ba chóir an scála seo a léamh i gcomhar le Ciorclán 0033/2020 - Athbhreithniú ar Thuarastail Múinteoirí ar Iontrálaithe nua iad 2011 le héifeacht ón 1 Márta 2020 - Cur i bhfeidhm Incrimintí Nua

### (i) Liúntais Eile

| | Ón 1/1/10 | Ón 1/10/20 |
|---|---|---|
| 1. Ag Teagasc trí Ghaeilge | €1,583 | €1,666 |
| 2. Deontas Gaeltachta iníoctha le múinteoirí sa Ghaeltacht seachas iad siúd a bhfuil liúntas atá mar an gcéanna le 10% den tuarastal scála á fháil acu | €3,063 | €3,224 |
| 3. Liúntas Teagaisc ar Oileáin | €1,842 | €1,939 |
| 4. Dioplóma don Oideachas Speisialta | €2,437 | €2,565 |
| 5. Liúntas speisialta atá iníoctha le múinteoirí i Scoileanna Cuimsitheacha (A ceapadh roimh an 1.1.1987) | €2,471 | €2,601 |
| 6. Liúntais Leanaí | €113 | €113 |
| 7. Liúntas do Mhúinteoirí a bhfuil seirbhís 35 bliana acu | €2,324 | €2,446 |
| 8. Liúntas Rúnaí an Bhoird Bhainistíochta (iníoctha ar bhonn pearsanta le Príomhoidí de scoileanna Cuimsitheacha a raibh an liúntas acu sular cuireadh Tuarascáil Chomhaontaithe 3/06 i bhfeidhm) | €2,802 | €2,949 |
| 9. Liúntas do Phríomhoidí a ghníomhaíonn mar Rúnaí an Bhoird Bhainistíochta (Tuarascáil Chomhaontaithe 3/06)<br>Clárú Scoile:<br><101<br>101-300<br>301-500<br>501-700<br>700+ | <br><br><br><br>€523<br>€787<br>€1,049<br>€1,312<br>€1,572 | <br><br><br><br>€551<br>€828<br>€1,104<br>€1,381<br>€1,655 |
| 10. Riail 87 (Ardteastas Froebel) | €1,435 | €1,510 |

### (ii). Liúntais Iasachta

| | Ón 1/1/10 | Ón 1/10/20 |
|---|---|---|
| Stiúrthóirí Ionad Oideachais | €27,197 | €28,628 |
| Aicme 2 | €16,825 | €17,711 |
| Aicme 3 | €13,146 | €13,838 |
| Aicme 4 | €10,130 | €10,663 |

**(iii). Poist Fhreagrachta**

**(a). Liúntas Príomhoidí (2ú Leibhéal)**

| Aicme | **Ón 1/1/10** | **Ón 1/10/20** |
|---|---|---|
| I | €9,310 | €9,800 |
| II | €10,432 | €10,981 |
| III | €12,238 | €12,882 |
| IV | €14,360 | €15,116 |
| V | €16,705 | €17,584 |
| VI | €19,084 | €20,088 |
| VII | €21,386 | €22,512 |
| VIII | €23,714 | €24,962 |
| IX | €25,427 | €26,765 |
| X | €27,197 | €28,628 |
| XI | €29,776 | €31,343 |
| XII | €31,520 | €33,179 |
| XIII | €34,893 | €36,729 |
| XIV | €36,030 | €37,926 |
| XV | €39,079 | €41,136 |
| XVI | €40,776 | €42,922 |
| XVII | €42,469 | €44,704 |

**(b). Liúntas Príomhoidí Ionaid (2ú Leibhéal)**

| Aicme | **Ón 1/1/10** | **Ón 1/10/20** |
|---|---|---|
| I | €3,769 | €3,967 |
| II | €4,932 | €5,192 |
| III | €6,520 | €6,863 |
| IV | €8,173 | €8,603 |
| V | €9,773 | €10,287 |
| VI | €11,444 | €12,046 |
| VII | €13,051 | €13,738 |
| VIII | €14,630 | €15,400 |
| IX | €15,875 | €16,710 |
| X | €17,088 | €17,987 |
| XI | €18,966 | €19,964 |
| XII | €20,129 | €21,188 |
| XIII | €22,645 | €23,837 |
| XIV | €23,137 | €24,355 |
| XV | €25,280 | €26,610 |
| XVI | €26,253 | €27,635 |
| XVII | €27,217 | €28,649 |

**(c). Liúntas Príomhoidí (1ú Leibhéal)**

| Aicme | **Ón 1/1/10** | **Ón 1/10/20** |
|---|---|---|
| I | €9,310 | €9,800 |
| II | €10,432 | €10,981 |
| III | €12,238 | €12,882 |
| IV | €14,360 | €15,116 |
| V | €16,705 | €17,584 |
| VI | €19,084 | €20,088 |
| VII | €21,386 | €22,512 |
| VIII | €23,714 | €24,962 |
| IX | €25,427 | €26,765 |
| X | €27,197 | €28,628 |
| XI | €29,776 | €31,343 |

**(d). Liúntas Príomhoidí Ionaid (1ú Leibhéal)**

| **Aicme** | **Ón 1/1/10** | **Ón 1/10/20** |
|---|---|---|
| I | €3,769 | €3,967 |
| II | €4,932 | €5,192 |
| III | €6,520 | €6,863 |
| IV | €8,173 | €8,603 |
| V | €9,773 | €10,287 |
| VI | €11,444 | €12,046 |
| VII | €13,051 | €13,738 |
| VIII | €14,630 | €15,400 |
| IX | €15,875 | €16,710 |
| X | €17,088 | €17,987 |
| XI | € 18,966 | €19,964 |

**(e). Réimse Pointí Príomhoidí**

| | Ón 1/1/10 | Ón 1/10/20 |
|---|---|---|
| Faoi bhun 150 | €6,660 | €7,011 |
| 150 - 299 | €6,732 | €7,086 |
| 300 - 449 | €8,151 | €8,580 |
| 450 - 599 | €9,564 | €10,067 |
| 600 - 749 | €11,218 | €11,808 |
| 750 - 899 | €13,051 | €13,738 |
| 900 - 1099 | €14,912 | €15,697 |
| 1100 - 1299 | €16,707 | €17,586 |
| 1300 - 1499 | €18,525 | €19,500 |
| 1500 - 1699 | €19,865 | €20,911 |
| 1700 - 1949 | €21,246 | €22,364 |
| 1950 - 2199 | €22,635 | €23,826 |
| 2200 - 2449 | €23,987 | €25,249 |
| 2450 agus os a cionn | €25,303 | €26,635 |

**(f). Réimse Pointí Leas-Phríomhoidí**

| | Ón 1/1/10 | Ón 1/10/20 |
|---|---|---|
| Faoi bhun 150 | €0 | €0 |
| 150 - 299 | €2,944 | €3,099 |
| 300 - 449 | €3,848 | €4,051 |
| 450 - 599 | €5,094 | €5,362 |
| 600 - 749 | €6,381 | €6,717 |
| 750 - 899 | €7,629 | €8,030 |
| 900 - 1099 | €8,942 | €9,413 |
| 1100 - 1299 | €10,198 | €10,735 |
| 1300 - 1499 | €11,430 | €12,032 |
| 1500 - 1699 | €12,402 | €13,055 |
| 1700 - 1949 | €13,350 | €14,053 |
| 1950 - 2199 | €14,263 | €15,014 |
| 2200 - 2449 | €15,163 | €15,961 |
| 2450 agus os a cionn | €15,983 | €16,824 |

**(iv) Poist Fhreagrachta Eile**

| | **Ón 1/1/10** | **Ón 1/10/20** |
|---|---|---|
| 1. AP1 | €8,520 | €8,968 |
| 2. AP2 | €3,769 | €3,967 |
| 3. Post ag Grád 'A' | €6,660 | €7,011 |
| 4. Post ag Grád 'B' | €2,944 | €3,099 |
| 5. Liúntais i leith Feidhmeanna Speisialta<br>1<br>2<br>3<br>4<br>5 | <br>€2,527<br>€3,848<br>€5,094<br>€6,381<br>€6,660 | <br>€2,660<br>€4,051<br>€5,362<br>€6,717<br>€7,011 |
| 5. Liúntais i leith Feidhmeanna Speisialta Uasghrádaithe<br>1<br>2<br>3<br>4<br>5 | €3,230<br>€4,932<br>€6,520<br>€8,173<br>€8,520 | €3,400<br>€5,192<br>€6,863<br>€8,603<br>€8,968 |
| 6. Stiúrthóir Aosoideachais – Poist Fhreagrachta Fhéinmhaoinithe Pháirtaimseartha CL 46/00 (Aguisín 1) | | |
| Aicme A | €3,769 | €3,967 |
| Aicme B | €4,932 | €5,192 |
| Aicme C | €6,520 | €6,863 |
| Aicme D | €8,173 | €8,603 |
| Aicme E | €9,773 | €10,287 |
| Aicme F | €11,444 | €12,046 |
| Aicme G | €13,051 | €13,738 |
| Aicme H | €14,630 | €15,400 |
| Aicme I | €15,875 | €16,710 |
| Aicme J | €17,088 | €17,987 |
| Aicme K | €18,966 | €19,964 |
| Aicme L | €20,129 | €21,188 |
| Aicme M | €22,645 | €23,837 |
| 7. Liúntas iníoctha le Príomhoidí scoileanna a chuireann clár páirtaimseartha um aosoideachas ar fáil (C.L.46/00) | €1,625 | €1,710 |
| 8. Liúntas iníoctha le Príomhoidí de 5 Phobalscoil as ról bainistíochta in ollionaid spóirt (AR2/01) | €4,820 | €5,074 |

**(v) Liúntais Eile Infheidhme do Bhoird Oideachais agus Oiliúna, a bhí infheidhme do Choistí Gairmoideachais roimhe seo.**

| | **Ón 1/1/10** | **Ón 1/10/20** |
|---|---|---|
| 1. Múinteoirí Eolaíochta faoin Tuath (chun gníomhaíochtaí oideachais a eagrú agus a fhorbairt lasmuigh de theagasc foirmiúil sa rang) | €1,842 | €1,939 |
| 2. Múinteoirí Taistil Eacnamaíocht Bhaile | €1,842 | €1,939 |
| 3. Íocaíochtaí speisialta le EPTanna faoi Chlásal 7.1 de Chiorcláin 38/89 & 39/89 (AR 2/98) | | |
| Líon na mBlianta Inríofa – Bunscála Coiteann<br>1<br>2<br>3 | €313<br>€626<br>€940 | €329<br>€659<br>€989 |
| Líon na mBlianta Inríofa – Scála Múinteoirí Coláiste<br>1<br>2<br>3 | €390<br>€785<br>€1,175 | €410<br>€826<br>€1,237 |
| Líon na mBlianta Inríofa – Scála Léachtóra I<br>1<br>2<br>3 | €551<br>€1,098<br>€1,644 | €580<br>€1,156<br>€1,731 |
| 4. Íocaíochtaí Speisialta le TWTanna faoi Chlásal 3 de Chiorclán Uimh. 34/89 (AR 2/98) | | |
| Líon na mBlianta Inríofa – Bunscála Coiteann<br>1<br>2<br>3<br>4<br>5 | €626<br>€1,252<br>€1,881<br>€2,506<br>€3,132 | €659<br>€1,318<br>€1,980<br>€2,638<br>€3,297 |
| Líon na mBlianta Inríofa – Scála Múinteoirí Coláiste<br>1<br>2<br>3<br>4<br>5 | €785<br>€1,566<br>€2,349<br>€3,132<br>€3,917 | €826<br>€1,648<br>€2,473<br>€3,297<br>€4,123 |
| Líon na mBlianta Inríofa – Scála Léachtóra I<br>1<br>2<br>3<br>4<br>5 | €1,098<br>€2,194<br>€3,293<br>€4,388<br>€5,482 | €1,156<br>€2,309<br>€3,466<br>€4,619<br>€5,771 |
| 5. Liúntas iníoctha le múinteoirí de phrintísigh BOO Dhún Laoghaire agus Chorcaí, a bhí mar Choistí Gairmoideachais Dhún Laoghaire agus Chorcaí roimhe seo | €9,740 | €10,253 |

**(vi) Liúntais (Tag. Ghinearálta 3/80)**

| | Ón 1/1/10 | Ón 1/10/20 |
|---|---|---|
| 1. Incrimint Fadseirbhíse | €1,477 | €1,555 |
| 2. Liúntas difreálach speisialta íoctha le hOllaimh d'Iar-Choláistí Ullmhúcháin | €2,860 | €3,011 |
| 3. Rátaí Pearsanta de Liúntas Príomhoidí | €6,660<br>€6,660<br>€6,660<br>€6,660<br>€6,945<br>€7,077<br>€8,356<br>€8,490<br>€9,069<br>€9,158<br>€9,827<br>€11,163 | €7,011<br>€7,011<br>€7,011<br>€7,011<br>€7,310<br>€7,449<br>€8,796<br>€8,937<br>€9,546<br>€9,640<br>€10,344<br>€11,750 |
| 4. Liúntais Phearsanta a ndéantar tagairt dóibh in Alt 2 de CL 50/70 | €2,565<br>€5,031<br>€5,852<br>€6,540<br>€7,402<br>€8,490<br>€9,567<br>€11,059<br>€11,865<br>€13,049 | €2,700<br>€5,296<br>€6,160<br>€6,884<br>€7,792<br>€8,937<br>€10,071<br>€11,641<br>€12,489<br>€13,736 |

**(vii) Liúntais iníoctha le múinteoirí sa tSeirbhís Príosúin**

| | Ón 1/1/10 | Ón 1/10/20 |
|---|---|---|
| Honorarium | €4,773 | €5,024 |
| Múinteoir Maoirseachta – Méid an Aonaid de Mhúinteoirí ar Choibhéis Lánaimseartha | | |
| 1-6 | €8,520 | €8,968 |
| 7-9 | €13,051 | €13,738 |
| 10-12 | €15,875 | €16,710 |
| 13-16 | €20,129 | €21,188 |
| 16+ | €23,137 | €24,355 |
| Múinteoir Maoirseachta Tánaisteach | €8,520 | €8,968 |
| Múinteoir Maoirseachta Cúnta | €3,769 | €3,967 |

## AGUISÍN 4

**Alt 12 den Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2015**

Leasú ar an Acht Airí agus Rúnaithe (Leasú) 2011

Leasaítear Acht na nAirí agus na Rúnaithe (Leasú) 2011 tríd an alt a leanas a chur isteach tar éis alt 16:

“Rialú téarmaí agus coinníollacha na seirbhíseach poiblí

16A. (1) Más rud é—

(a) go bhfuil téarma nó coinníoll ceadaithe ag an Aire mar théarma nó coinníoll a mbeidh feidhm aige de thuras na huaire maidir le haicme nó catagóir seirbhíseach poiblí a fhostú (cibé an bhfuil an ceadú sin i bhfoirm ceadú mar sin, aon chineál eile ceadúnais nó an toiliú a thug an tAire do chinneadh ó dhuine eile sa chás), agus

(b) go ndéantar conradh fostaíochta i leith seirbhíseach poiblí a thagann faoin aicme nó sa chatagóir sin ina bhfuil téarma nó coinníoll a fhreagraíonn nó atá comhionann leis an téarma nó an coinníoll a bheidh faofa amhlaidh ach atá níos fabhraí don seirbhíseach poiblí ná an téarma nó an coinníoll sin,

beidh éifeacht leis an gconradh ionann is dá gcuirfí an téarma nó an coinníoll a bhí ceadaithe amhlaidh (dá dtagraítear i bhfo-ailt (2) agus (3) mar an 'téarma nó coinníoll ceadaithe') in ionad an téarma nó an choinníll chéadluaite i mír (b) (dá dtagraítear i bhfo-ailt (2) agus (3) mar an 'téarma nó coinníoll neamhcheadaithe').

(2) Déanfar neamhaird ar aon mhéid a íocfar leis an seirbhíseach poiblí lena mbaineann i gcomhlíonadh airbheartaithe leis an téarma nó leis an gcoinníoll neamhcheadaithe atá níos mó ná an méid is iníoctha leis an seirbhíseach poiblí faoin téarma nó coinníoll ceadaithe chun aon teidlíocht pinsin a ríomh (lena n-áirítear teidlíocht ar chnapshuim agus teidlíocht ar íocaíochtaí tréimhsiúla pinsin) maidir leis an seirbhíseach poiblí sin.

(3) I gcás go n-íoctar méid leis an seirbhíseach poiblí lena mbaineann i gcomhlíonadh airbheartaithe leis an téarma nó an coinníoll neamhcheadaithe atá níos mó ná an méid is iníoctha leis an seirbhíseach poiblí faoin téarma nó coinníoll ceadaithe ansin-

(a) sealbhóidh an seirbhíseach poiblí an ró-íocaíocht in iontaobhas don chomhlacht seirbhíse poiblí, agus

(b) aisghabhfaidh an comhlacht seirbhíse poiblí méid na ró-íocaíochta ón seirbhíseach poiblí, go díreach nó trí asbhaint a bhaintear den luach saothair ina dhiaidh sin, iníoctha leis an seirbhíseach poiblí sin nó ar shlí eile.

(4) Más rud é—

(a) go ndéantar conradh fostaíochta i leith seirbhíseach poiblí, agus

(b) go bhfuil téarma nó coinníoll sa chonradh i ndáil le luach saothair nach gcomhfhreagraíonn nó nach bhfuil comhionann le haon téarma nó coinníoll a bheidh ceadaithe ag an Aire maidir le fostaíocht aicme nó catagóir de sheirbhíseach poiblí ina bhfuil an chéad- (bíodh an ceadú sin i bhfoirm ceadú mar sin, aon chineál eile ceadúnais nó an toiliú a thug an tAire do chinneadh ó dhuine eile sa chás),

beidh an téarma nó an coinníoll ar neamhní.

(5) Déanfar neamhaird ar aon mhéid a íocfar leis an seirbhíseach poiblí lena mbaineann i gcomhlíonadh airbheartaithe le téarma nó coinníoll ar neamhní faoi fho-alt (4) chun aon teidlíocht pinsin a ríomh (lena n-áirítear teidlíocht ar chnapshuim agus teidlíocht ar íocaíochtaí tréimhsiúla pinsin) maidir leis an seirbhíseach poiblí sin.

(6) I gcás go n-íoctar méid leis an seirbhíseach poiblí lena mbaineann i gcomhlíonadh airbheartaithe le téarma nó coinníoll ar neimhní faoi fho-alt (4) ansin—

(a) coimeádfaidh an seirbhíseach poiblí an méid ar iontaobhas don chomhlacht seirbhíse poiblí, agus

(b) aisghabhfaidh an comhlacht seirbhíse poiblí an méid ón seirbhíseach poiblí, go díreach nó trí asbhaint a bhaint de luach saothair ina dhiaidh sin iníoctha leis an seirbhíseach poiblí sin nó ar shlí eile.

(7) Ní ghlacfar le fo-ailt (3) agus (6) mar theorannú ar an dliteanas faoi reacht aon duine chun cuntas a thabhairt ar an ró-íocaíocht sin.

(8) I gcás nach ndearna an comhlacht seirbhíse poiblí lena mbaineann an méid atá i gceist le fo-alt (3) nó fo-alt (6) a ghnóthú, féadfaidh an tAire a ordú i scríbhinn don chomhlacht sin an méid a aisghabháil, faoi dháta sonraithe, i gcomhréir le fo-alt (3)(b) nó (6)(b), de réir mar a bheidh, agus, i gcás ina mainneoidh an comhlacht sin an méid sin a aisghabháil, féadfaidh an tAire an méid a asbhaint ó aon deontas nó vóta, nó íocaíocht eile, leis an gcomhlacht sin as airgead a sholáthróidh an tOireachtas go díreach nó go hindíreach nó ón bPríomh-Chiste nó le táirgeadh fáis an Chiste sin.

(9) Baineann an t-alt seo le téarma nó coinníoll a comhaontaíodh tar éis thosach feidhme alt 12 den Acht um Bearta Éigeandála Airgeadais ar mhaithe le Leas an Phobail 2015.

(10) Tá éifeacht ag an alt seo d'ainneoin—

(a) aon achtachán eile,

(b) aon scéim pinsin nó socrú pinsin,

(c) aon chomhaontú nó socrú conarthach eile, nó

(d) aon tuiscint, ionchas, ciorclán nó ionstraim nó doiciméad eile.

(11) San alt seo—

ciallaíonn "seirbhíseach poiblí" duine atá fostaithe ag comhlacht seirbhíse poiblí, nó a bhfuil aon oifig nó seasamh eile aige, i gcomhlacht seirbhíse poiblí;

ciallaíonn "luach saothair" díolaíochtaí lena mbaineann Caibidil 4 de Chuid 42 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 nó lena ndéantar í a chur i bhfeidhm. ".